**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar nó mura gcuirtear, caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

# TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

# ROINN 1 – FILLTEÁN


**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceisteanna** | | **Marc** | **Scrúdaitheoir** | **Scrúdaitheoir Comhairleach** |
| | | @ | **3** | | |
| | | @ | **2** | | |
| | | @ | **1** | | |
| | | @ | **0** | | |
| **Iomlán** | | | | | |

**ROINN 1 (60 MARC)**
Caithfear tabhairt faoi **GACH** ceist.
Tá rogha agat *laistigh* de 3 cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfidh tú marcanna.

1. **SCREAMH AN DOMHAIN**

Sa léarscáil taispeántar cuid de na teorainneacha atá ag plátaí screimhe an domhain.





Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i **ngach** ceann de na ráitis thíos.

(i) Is crios mór creathanna talún é an limistéar ag **A**. ***Fíor / Bréagach***

(ii) Tugtar Iomaire an Atlantaigh Láir ar an limistéar ag **B**. ***Fíor / Bréagach***

(iii) Tugtar Éasc na Sléibhte Creagacha ar an limistéar ag **C**. ***Fíor / Bréagach***

## 2. ITHREACHA



*Foinse:* Enchanted Learning


Sa léaráid taispeántar ithirphróifíl thipiciúil.

Is é a thugtar ar uisce a dhéanann cothaithigh a scuabáil síos tríd an ithir, lasmuigh de raon fréamhacha na bplandaí, ná:

| | |
|---|---|
| Húmasú | ☐ |
| Cruachiseal | ☐ |
| Láisteadh | ☐ |
| Ithir mhóinteach | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 3. BÁISTEACH




*Foinse*: wikipedia.org

Is é an cineál báistí a thaispeántar sa léaráid thuas ná:

| | |
|---|---|
| Báisteach chomhiompair | ☐ |
| Báisteach rilífe | ☐ |
| Báisteach fhrontach / chioclóin | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**4. AN DOMHAN AGUS CARRAIGEACHA**

Sa phictiúr taispeántar bolcán agus é ag brúchtadh.



*Foinse*: minyanville.com

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i **ngach** ceann de na ráitis thíos.

(i) Tá an bolcán a thaispeántar ***suanach / beo***.

(ii) Is é an grúpa carraige a chruthaítear anseo ná ***bruthcharraig / carraig dhríodair***.

(iii) Is é an cineál carraige a chruthaítear ná ***basalt / gaineamhchloch***.

## 5. CARRAIGEACHA

San fhótagraf taispeántar carraig atá síonchaite.



*Foinse*:wikimedia.org

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i **ngach** ceann de na ráitis thíos.


(i) Is ***gaineamhchloch / aolchloch*** í an charraig seo.

(ii) Cruthaítear an ghné seo le síonchaitheamh ***ceimiceach / meicniúil***.

(iii) Is féidir sampla den charraig seo a fháil i **g*Clochán na bhFomhórach* / sa *Bhoireann***.




## 6. CAIRT AIMSIRE

Scrúdaigh an léarscáil aimsire thíos.




*Foinse*: meteireann.ie

Sna boscaí atá ann dó, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** leis an uimhir is leathphéire di i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.


| Colún X | |
|---|---|
| A |  |
| B |  |
| C |  |
| D |  |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Lagrach |
| 2 | Iseabair |
| 3 | Fronta Fuar |
| 4 | Fronta Te |

| X | Y |
|---|---|
| A | 2 |
| B | |
| C | |
| D | |

## 7. STAITISTICÍ

Sa chairt taispeántar figiúirí a bhaineann le tionscal na hiascaireachta in Éirinn.




Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá ceart.

1. Is é an céatadán is mó a onnmhairítear chuig tír amháin ar bith ná 24%.
2. Onnmhairítear an méid céanna go dtí an RA agus an Ghearmáin.
3. Onnmhairítear an céatadán is lú go dtí an Iodáil.
4. Onnmhairítear níos mó táirgí éisc go tíortha Neamh-AE ná go Tíortha Eile AE.
5. Onnmhairítear níos mó ná 50% de na táirgí éisc go dtí an Fhrainc, an Spáinn agus an RA le chéile.

Is iad na ráitis cearta ná:

1, 2, 4 ☐

2, 3, 4 ☐

1, 3, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

## 8A. AG TOMHAS NA hAIMSIRE

Úsáidtear a lán uirlisí chun gnéithe den aimsir a thomhas.

| | | |
|---|---|---|
| *Scáileán Stevenson* | *baraiméadar* | *teirmiméadar* |
| *ainéimiméadar* | *taismhéadar* | *taifeadán Campbell-Stokes* |

Bain úsáid as cuid de na focail ón mbosca thuas chun na bearnaí sa sliocht thíos a líonadh.

*Chun teocht a thomhas úsáidtear ________________________ agus chun bogthaise a thomhas úsáidtear ____________________.*

*Cuirtear an dá ghléas seo i _________________________ chun scáth a thabhairt dóibh ó sholas díreach na gréine.*

**NÓ**

## 8B. CÓRAIS DÉANTÚSAÍOCHTA

Taispeánann an léaráid gur corás é monarcha ina bhfuil ionchuir, próisis agus aschuir.

**IONCHUIR** ⟶ **PRÓISIS** ⟶ **ASCHUIR**

Sa bhosca thíos, cuir ciorcal thart faoi **thrí** rud a d'fhéadfadh a bheith ina n-ionchuir mhonarchan.

| | | |
|---|---|---|
| *Saothar* | *Caipiteal* | *Ábhar dramhaíola* |
| *Fotháirgí* | *Iompar* | *Táirgí monaraithe* |

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

## 9A. CÓSTAÍ




*Foinse*: geocities.com

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i **ngach** ceann de na ráitis seo a leanas:


(i) Is é atá sa ghné lipéadaithe **X** san fhótagraf thuas ná ***gob / tambaló***.

(ii) Is gné é seo de ***chreimeadh cósta / sil-leagan cósta***.

(iii) Gluaiseann gaineamh feadh an chósta i bpróiseas ar a dtugtar ***síobadh feadh cladaigh / cnaí***.

**NÓ**

## 9B. OIGHRIÚCHÁN




*Foinse*:geography-site.co.uk

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i **ngach** ceann de na ráitis seo a leanas:

(i) Is é atá sa ghné a thaispeántar sa léaráid ná ***sprémhá / droimnín***.

(ii) Is gné é seo **d'*oighearchreimeadh* / de *shil-leagan oighreach***.

(iii) Is é a thugtar ar ábhar a iompraítear in oighear gluaisteach ná ***moiréan / glár***.

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. TÁBLA SOLAS LAE

| Tábla Éirí agus Luí na Gréine | | | |
|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Am éirí na gréine** | **Am luí na gréine** | **Fad an lae in u.a.c.** |
| **Lá 1** | 05:30 | 21:34 | 16:04 |
| **+3 mhí** | 07:58 | 18:23 | 10:25 |
| **+6 mhí** | 08:25 | 16:49 | 08:24 |

*Foinse*: gaisma.com

Bain úsáid as an tábla chun an ceisteanna thíos a fhreagairt:

(i) Tá lá 1 i séasúr an ___________________________.

(ii) Sa dáta +3 mhí is é am luí na gréine ná ______________________.


(iii) Is é fad an lae is giorra ná ______________________.

**NÓ**

## 10B. TARRAINGT GRAF

| Tagann Turasoirí as | |
|---|---|
| RA (UK) | 35% |
| An chuid eile den Eoraip | 25% |
| SAM (USA) | 20% |
| An Áise | 15% |
| Áiteanna Eile | 5% |

Bain úsáid as an tábla chun an graf thíos a chomhlánú.



## 11. DLÚS DAONRA i HONG CONG

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas thíos atá ceart.

1. Tá dlús daonra íseal ag Hong Cong.
2. Is fadhb mhór í an t-aerthruailliú ón trácht.
3. Tá uiscí an chuain truaillithe go dona.
4. Tá flúirse de spásanna oscailte ag Hong Cong.
5. Tá cónaí ar a lán de na daoine in árasáin ardéirí.

| | |
|---|---|
| 1, 3, 4 | ☐ |
| 1, 4, 5 | ☐ |
| 2, 3, 5 | ☐ |
| 3, 4, 5 | ☐ |

## 12. GLUAISEACHT DAONRA

Sna boscaí atá ann dó, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** leis an uimhir is leathphéire di i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.


| Colún X | |
|---|---|
| A | Eisimirceach |
| B | Toisc bhrú |
| C | Inimirceach |
| D | Toisc tharraingthe |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Géarleanúint reiligiúnach nó pholaitiúil. |
| 2 | Duine a dhéanann imirce isteach i gceantar. |
| 3 | Duine a dhéanann imirce amach as ceantar. |
| 4 | Gealltanas saoirse. |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | 4 |

## 13. GNÍOMHAÍOCHT PHRÍOMHÚIL

Sa ghraf thíos taispeántar céatadán de chaiteachas an AE de réir earnáil feirme.




Bain úsáid as an ngraf chun na ceisteanna thíos a fhreagairt:

(i) Cé acu earnáil a gcaitheann an AE an chuid is mó uirthi? ____________________________

(ii) Ríomh an céatadán iomlán a chaitear ar fheirmeoireacht thréadach. ___________________

(iii) Ainmnigh saghas amháin feirmeoireachta arúla. ____________________________________

## 14. FOINSÍ FUINNIMH

Ainmnigh **trí** fhoinse d'fhuinneamh inathnuaite.


(i) _____________________________

(ii) _____________________________

(iii) _____________________________

**15. ÉAGOTHROMAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA**

Sa léarscáil taispeántar an céatadán den daonra atá ar gannchothú timpeall an domhain.




Scríobh síos an céatadán den daonra atá ar gannchothú sna tíortha seo a leanas.

(i) In Éirinn ____________

(ii) Sa Bhrasaíl ____________


(iii) I Mailí ____________

**16. CINEÁLACHA FÁNAÍ**


Bain úsáid as cuid de na focail sa bhosca thíos chun an t-ainm ceart do gach fána a scríobh sa spás a thugtar faoi gach léaráid.

| | | |
|---|---|---|
| *Fána chuasach* | *Fána dhronnach* | *Fána chothrom* |
| *Fána chomhshuite* | *Fána chéimneach* | |


(i)




(ii)




(iii)



## 17. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Déan staidéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar duit.

Sna boscaí atá ann dó, meaitseáil **gach** ceann de na tagairtí eangaí i **gColún X** leis an uimhir is leathphéire di i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | S 403 204 |
| B | S 430 283 |
| C | S 407 220 |
| D | S 367 257 |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Stáisiún Iarnróid |
| 2 | Caisleán |
| 3 | Tuama Meigiliteach |
| 4 | Galfchúrsa |

| X | Y |
|---|---|
| A | 4 |
| B | |
| C | |
| D | |

## 18. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Bain úsáid as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar duit chun an ráiteas thíos a chomhlánú.

Téann an R696 isteach i gCarraig na Siúire ó threo an______________________________.

## 19. AERFÓTAGRAF



Táispeántar an droichead seo san aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Tabhair suíomh an droichid seo agus bain úsáid as an ngnáthnodaireacht (cúlra ar dheis, lár an láir, tulra ar clé etc.).

Suíomh ______________________________________

## 20. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF



Táispeántar an caisleán seo san aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Faigh an caisleán ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis. Scríobh síos a shuíomh, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

Suíomh ___________________________________

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán